

11 02a.mp3

Bileog 11.2a

Foinse: RnaG

Clár: Faoi Chaibidil

Dáta: 01 Márta 2009

Intreoir: Máiréad Ní Nuadháin, Tomás Mac Ruairí agus Áine Ní Chiaráin ag plé cúrsaí teicneolaíochta.

Áine Ní Chiaráin

A Mháiréad, ní insíonn an ceamara bréag – cad faoi na ceamaraí fóin seo agus rudaí den chineál sin. Tá úsáid fhorleathan (*forleathan* a deirtear) á mbaint astu (*á bhaint* a deirtear).

Máiréad Ní Nuadháin

Tá mé go mór ar son úsáid an cheamara, ceapaim gur rud iontach ar fad é agus mo *phone* féin nuair a fuair mé anuraidh, fuair mé fón nua, agus bhí sé iontach an chaoi a raibh sé in ann na pictiúir a thógáil, agus an chaoi a raibh sé in ann físeán beag a thógáil agus go raibh tú in ann é a chur ar ríomhphost chuig duine, cheap mé gurbh é an rud ab fhearr ar domhan é agus úsáideadh le gairid é cúpla uair nuair a thit an t-eitleán.

Áine Ní Chiaráin

Is ea, in Amsterdam. Is ea, is ea, ba thúisce é (*ba thúisce* a deirtear), ní raibh fiú *Sky* ansin, tá a fhios agat.

Máiréad Ní Nuadháin

Agus úsáideann *Sky* go minic, aithníonn tú na pictiúir go minic agus ceapaim gur rud iontach amach is amach é sin.

Tomás Mac Ruairí

Is rud é sin ann féin...

Máiréad Ní Nuadháin

Chomh mór sin... agus nuair a chloiseann tú go bhfuil moill ar phictiúr nó nuair a fheiceann tú go minic nach bhfuil pictiúr ar rud bíonn fonn ort a rá- ‘nach bhfuil fón póca ag aon duine ag an rud sin?’ Shilfeá go gcuirfidís an pictiúr ar aghaidh go dtí an stáisiún nuachta. Ach, tá cúpla gné den rud atá faoi thrácht againn. An rud seo faoi *Twittering* agus *Facebook* agus na rudaí seo ar fad, measaimse gur cur amú go leor de seo. Agus, nuair a chloisim daoine óga ag caint faoi bíonn fonn orm a rá leo – ‘Cén leabhar a léigh tú an tseachtain seo?’ nó ‘Cén píosa iriseoireachta maith a léigh tú?’ Mar níl ach an méid sin uaireanta sa lá agus má chaitheann tú an méid sin ama i mbun *Facebook* agus i mbun *Twitter* ní fhágann sé mórán ama dóibh aon rud eile a dhéanamh.

Áine Ní Chiaráin

Agus ag cur na dtuairimí céanna mórthimpeall an t-am ar fad. Mar sin an rud atá ag tarlú anois.

Máiréad Ní Nuadháin

Más tuairimíocht é. Ach an rud seo faoi sheiceáil (*faoi seiceáil* a deirtear) isteach le daoine agus seiceáil isteach le cairde. Cén fáth a mbeadh tú ag seiceáil isteach le cairde a chonaic tú sa *bpub* an oíche roimhe, agus sin atá ar siúl ag go leor. . .

Tomás Mac Ruairí

Nó ar scoil.

Máiréad Ní Nuadháin

Agus cloisim ó mo chomrádaithe agus ó dhaoine muinteartha liom go gcaitheann daoine óga an t-uafás ama ag an obair ag seiceáil rudaí ar *Facebook* agus ag seiceáil rudaí. Ní, ní. . . is dóigh liomsa go bhfuil sé sin in aghaidh moráltachta agus go bhfuil sé in aghaidh an dlí, go mbeadh tú ag déanamh rudaí mar sin le linn do chuid ama oibre. Ach, tá sé chomh mór sin sa chultúr faoi láthair go ndéantar go forleathan é agus bheadh ceisteanna agam faoi sin.



© É Má Nuadháin

11 03a.mp3

Bileog 11.3a

Foinse: RnaG

Clár: Faoi Chaibidil

Dáta: 01 Márta 2009

Intreoir: Máiréad Ní Nuadháin, Tomás Mac Ruairí agus Áine Ní Chiaráin ag plé cúrsaí teicneolaíochta.

Áine Ní Chiaráin

Is ea, bhí mé díreach chun teacht chuig na *blogs* seo. Tá a fhios agat an chéad *blogger* mór a chuala muid uilig faoi ná an ceann i mBaghdad le linn réimeas Saddam agus a bhí ag cur amach eolais nuair nach raibh aon duine eile agus ansin bhí an rud céanna ar siúl i nGaza agus na Palaistínigh á úsáid. An deacracht leis a Mháiréad ná ní raibh a fhios againn cé a bhí, cérbh iad na *bloggers* ná ab iad Hamas a bhí ag cur amach teachtaireachtaí againn. Nach bhfuil sé sin contúirteach?

Máiréad Ní Nuadháin

An rud seo nach bhfuil a fhios agat cé atá taobh thiar den rud? Is ea agus nuair a fheiceann tú agus nuair a smaoiníonn tú ar na caighdeáin, mar a deir Tomás a bhí ann, ar feadh na mblianta i nuachtáin agus sna meáin ar fad, faoi *hireáil* daoine agus faoin traenáil a tugadh do dhaoine agus faoi na caighdeáin a chaithfeadh a bheith ag iriseoirí sula ligfí rud i gcló. Tá sé sin mórán mór imithe nuair a smaoiníonn tú ar na meáin nua seo. Ach tharla rud spéisiúil domsa anuraidh - an samhradh seo caite bhí mé i mbialann i nGaillimh, mar a tharla sé, i gConamara, agus thóg an custaiméir seo raic faoina bille. Bhí sí tar éis an dinnéar a ithe agus bhí comrádaithe in éindí léi. Bhí sí tar éis an dinnéar a ithe mar thug mé é sin faoi deara nuair a bhí an raic seo á thógáil aici taobh liom. Agus á. . . d'iarr sí an bhainistíocht a thíocht, d'iarr sí ar an bhfreastalaí a thíocht agus thosaigh sí ag tabhairt amach faoin mbia agus faoi chuile rud agus dúirt siadsan *but you ate it, but you ate the dinner* agus dúirt sí *that's not the point*. Bhí sé seo, seo, siúd agus eile mícheart leis agus ansin an *parting shot* a bhí aici nuair a shiúil sí amach, dúirt sí - *you'll read about this on my blog*. Agus, dúirt mé liom féin bhuel, sin rud nua anois atá tosaithe – an blag a úsáid mar chineál . . .

Áine Ní Chiaráin

Mar bhagairt!

Máiréad Ní Nuadháin

Mar bhagairt, is ea.